

Nós Imeachta FSS um Iarratas Duine ar a Sonraí (IDS)

Is féidir próiseas IDS a achoimriú i 7 bpríomhchéim:



1. Dearbhú IDS

Féadfaidh tú rochtain a fháil ar do thaifid sláinte trí iarratas duine ar a sonraí IDS a dhéanamh agus tá foirm ar fáil chun na críche sin. Is leor freisin scríobh chuig an ospidéal, an t-aonad nó an tseirbhís atá i gceist. Tá sé tábhachtach go soláthróidh tú cóip ded' aitheantais fótagrafach (pas, ceadúnas tiomána, cárta seirbhísí poiblí etc.)

2. Glacadh le hiarratais

Nuair a bheidh d'iarratas i scríbhinn faighte againn, beimid in ann do chéannacht a fhíorú mar nach féidir leat ach do sonraí pearsanta féin a fháil.



3. Aitheantas Sonraí

De ghnáth, bíonn daoine ag lorg rud sonrach. Beimid i dteagmháil leat chun eolas a fháil faoi cad go díreach a bhfuil á lorg agat. Dá mhéid gur féidir leat a insint dúinn faoin bhfaisnéis, dátaí agus áiteanna san áireamh, is ea is tapúla gur féidir linn é a chur ar fáil duit.

4. Ag Aimsiú sonraí

Tá go leor seirbhísí éagsúla againn agus tá beartais dochta slándála i bhfeidhm againn, rud a chiallaíonn nach bhfuil rochtain ach ag daoine údaraithe ar an gcuid is mó den fhaisnéis. Ní mór dúinn a fháil amach cá bhfuil do chuid sonraí inár gcórais sula mbeimid in ann tús a chur le d'iarratas.



5. Sonraí a bhailiú

Nuair a bheidh a fhios againn cá bhfuil do chuid sonraí, cuirfidh muid d'iarratas ar aghaidh chuig an gCinntoir IDS cuí agus ndéanfaidh siad aon fhaisnéis ábhartha a chuardach agus a shainaitheint.

6. Asbhaint agus Ceilt

Ní ceadmhach don chinnteoir ach na sonraí a bhaineann leat féin a sheoladh chugat ó thaobh an dlí. Ciallaíonn sin go bhféadfaí go mbeidh orainn nithe a cheilt ar cháipéis chun a chinntiú nach bhfuil cearta cosanta sonraí dhaoine eile á shárú againn.



7. Sonraí atá ar fáil

Cuirfear cóip de do sonraí ar fáil duit. Mura mbeimid in ann é sin a chur ar fáil, tabharfar míniú duit.

Maidir le Mí

Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, (RGCS) tá sé de cheart agat go ndéileálfar le do IDS i mí amháinn. Mura bhfuil tú sásta leis an bpróiseas, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) <https://dataprotection.ie/docs/Home/4.htm>.